Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13162/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0297(NLE)**

**PROBA 47
AGRI 499
WTO 183**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 487 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg, a mhéid a bhaineann leis an gcaighdeán trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 487 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 487 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2022
COM(2022) 487 final

2022/0297 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg, a mhéid a bhaineann leis an gcaighdeán trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige

{SWD(2022) 309 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('IOC') i dtaca le dhá chinneadh a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh, ar cinntí i ndáil le caighdeán trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige iad.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('an Comhaontú') (i) féachaint le haonfhoirmeacht a bhaint amach sa reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le saintréithe fisiciceimiceacha agus orgánaileipteacha olaí olóige, olaí prabhaite olóige agus ológ boird chun aon bhac ar thrádáil a chosc (ii) tabhairt faoi ghníomhaíochtaí i réimse na tástála fisiciceimicí agus orgánaileiptí chun cur leis an eolas maidir le comhdhéanamh agus saintréithe cáilíochta táirgí olóige, d'fhonn na caighdeáin idirnáisiúnta a chomhdhlúthú, agus (iii) ról Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg a neartú mar fhóram barr feabhais le haghaidh an chomhphobail eolaíoch idirnáisiúnta i réimse na n-ológ agus na hola olóige.

Tháinig leagan athnuaite an Chomhaontaithe i bhfeidhm an 1 Eanáir 2017.

Is páirtí sa Chomhaontú é an tAontas Eorpach[1].

### 2.2. Comhairle na gComhaltaí

Is í Comhairle na gComhaltaí an t-údarás agus an comhlacht cinnteoireachta is airde de chuid IOC agus déanfaidh sí na cumhachtaí agus na feidhmithe sin go léir is gá a fheidhmiú chun cuspóirí an Chomhaontaithe sin a bhaint amach. Mar pháirtí sa Chomhaontú, is comhalta de IOC é an tAontas Eorpach agus déantar ionadaíocht thar a cheann i gComhairle na gComhaltaí. Is de chomhthoil a ghlacfar cinntí Chomhairle na gComhaltaí. Mura féidir iad a dhéanamh de chomhthoil, ghlacfaí cinntí a bhaineann leis an gcaighdeán trádála mura ndiúltódh an ceathrú cuid ar a laghad de na comhaltaí dóibh nó mura ndiúltódh comhalta nó comhaltaí a bhfuil 100 sciar rannpháirtíochta ar a laghad aige/acu dóibh.

Tá 18 gcomhalta ag IOC faoi láthair agus tá 678 sciar rannpháirtíochta ag an Aontas Eorpach as 1000 sciar san iomlán.

### 2.3. Gníomh beartaithe Chomhairle na gComhaltaí

An 28 Bealtaine 2022, tharchuir Rúnaíocht Feidhmiúcháin IOC chuig a Comhaltaí téacs dhá chinneadh maidir le ceimic agus caighdeánú atá le glacadh ag Comhairle na gComhaltaí. Beidh leasuithe ar Rialachán (CEE) Uimh. 2568/91 ón gCoimisiún[2] ag teastáil de thoradh na gcinntí a cuireadh i láthair.

---

[1] Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2) agus Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1).

[2] Rialachán (CEE) Uimh. 2568/91 ón gCoimisiún an 11 Iúil 1991 maidir le saintréithe ola olóige agus saintréithe ola d'iarmhar ológ agus na modhanna ábhartha anailíse (IO L 248, 5.9.1991, lch. 1).

Is é is cuspóir do na gníomhartha atá beartaithe modhnú a dhéanamh ar an gcaighdeán trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige agus modh anailíse maidir le céaracha agus eistir eitile aigéid shailligh a áirítear ann a thabhairt cothrom le dáta. Sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an togra seo áirítear téacs na gcinntí, an caighdeán trádála comhfhreagrach agus an modh lena mbaineann, é arna thachur ag an Rúnaíocht Feidhmiúcháin.

De bhun Airteagal 20(3) den Chomhaontú, tá na critéir cháilíochta agus íonachta a áirítear sa chaighdeán trádála thuasluaite a ghlac Comhairle na gComhaltaí infheidhme maidir le trádáil idirnáisiúnta na gComhaltaí. Thairis sin, de bhun Airteagal 75(5)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], leis na caighdeáin mhargaíochta, cuirfear na moltaí caighdeánacha arna nglacadh ag comhlachtaí idirnáisiúnta san áireamh. Dá bhrí sin, déanfar difear do dhlí an Aontais leis na cinntí dá bhforáiltear san Iarscríbhinn ós rud é go mbeidh leasuithe ar Rialachán (CEE) Uimh. 2568/91 ón gCoimisiún i gceist leo.

I gcás ina gcuirfear glacadh na gcinntí ar atráth le linn an 116ú seisiún de IOC mar thoradh ar chuid de na Comhaltaí gan bheith in ann a bhformheas a thabhairt, glacfar an seasamh a shonraítear sa Chinneadh seo thar ceann an Aontais faoi chuimsiú nós imeachta um ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí a d'fhéadfadh a bheith ann trí chomhfhreagras a mhalartú freisin, de bhun Airteagal 10(6) den Chomhaontú, roimh an gcéad seisiún rialta eile a bheidh aici i mí an Mheitheamh 2023.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis na cinntí atá le glacadh ag Comhairle na gComhaltaí:

– déanfar an caighdeán trádála dar teideal 'COI/T.15/NC No. 3' is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige a mhodhnú trí Iarscríbhinn 1 a bhaint agus trí na crainn chinnteoireachta deilte-7-stiogmaisteanóil a shimpliú.

– déanfar an modh dar teideal 'COI/T.20/Do. No 28' (*Cion céaracha, eistear meitile aigéid shailligh agus eistear eitile aigéid shailligh a chinneadh le crómatagrafaíocht gháis le colún ribeach*) a athbhreithniú chun modh malartach anailíse a áireamh agus roinnt athruithe beaga a dhéanamh ar an modh atá ann cheana.

Saineolaithe eolaíocha agus teicniúla maidir le hola olóige, ar saineolaithe iad de chuid an Choimisiúin agus na mBallstát, phléigh siad na cinntí thuasluaite go mion. Leis na cinntí sin, rannchuideofar le comhchuibhiú idirnáisiúnta na gcaighdeán ola olóige agus socrófar creat lena n-áiritheofar iomaíocht chóir i dtrádáil tháirgí earnáil na hola olóige. Dá bhrí sin, ba cheart tacú leo.

Luíonn an cinneadh thuasluaite le beartas an Aontais a mhéid a bhaineann le caighdeáin maidir le margaíocht táirgí talmhaíochta mar a fhoráiltear i dTeideal II de Chuid II de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Tiocfaidh forbairt fós ar chlár oibre chruinniú Chomhairle Chomhaltaí IOC le haghaidh an tseisiúin a bheidh aici i mí na Samhna 2022 agus is féidir go gcuirfear leis an gclár oibre tuilleadh cinntí lena ndéanfar difear don *acquis*. Chun éifeachtúlacht obair Chomhairle Chomhaltaí IOC a áirithiú agus sin a dhéanamh ar dhóigh a léiríonn urraim do rialacha na

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

gConarthaí, déanfaidh an Coimisiún forlíonadh agus/nó leasú ar an togra seo in am trátha chun é a chur ar a cumas don Chomhairle an seasamh atá le glacadh maidir leis na cinntí sin a ghlacadh freisin.

Agus an próiseas cinnteoireachta laistigh de Chomhairle na gComhaltaí IOC á chur san áireamh, tá gá le seasamh an Aontais chun na cinntí dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghlacadh.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunófar '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear sa choincheap sin freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[4].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Comhairle na gComhaltaí arna chur ar bun le comhaontú, eadhon an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird.

Is é atá sna gníomhartha atáthar a iarraidh ar Chomhairle na gComhaltaí a ghlacadh gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 20(3) den Chomhaontú agus féadfaidh na gníomhartha tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta seo de chuid an Aontais Eorpaigh, is é sin: gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme atá bunaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta ola olóige. Is amhlaidh atá mar, de bhun Airteagal 75(5)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, leis na caighdeáin mhargaíochta, cuirfear na moltaí caighdeánacha arna nglacadh ag comhlachtaí idirnáisiúnta san áireamh.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chuid de ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na codanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomhchuid agus an ceann eile mar aidhm nó cuid theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi

[4] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomhchuid.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála. Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Is é Airteagal 207(4) CFAE ba cheart a bheith i mbunús dlí an chinnidh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2022/0297 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg, a mhéid a bhaineann leis an gcaighdeán trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (‘an Comhaontú’) i gcrích le Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2017 i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Chinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle[2].

(2) De bhun Airteagal 7(1) den Chomhaontú, féadfaidh Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (‘Comhairle na gComhaltaí’) cinntí a dhéanamh agus moltaí a ghlacadh chun forálacha an Chomhaontaithe sin a chur i bhfeidhm.

(3) Le linn an 116ú seisiún a bheidh aici idir an 28 Samhain agus an 2 Nollaig 2022, glacfaidh Comhairle na gComhaltaí cinneadh lena modhnófar an caighdeán trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige mar aon le cinneadh chun modh anailíse maidir le céaracha agus eistir eitile aigéid shailligh a thabhairt cothrom le dáta.

(4) Is iomchuí go leagfaí síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle na gComhaltaí, ós rud é go mbeidh na cinntí leasaitheacha atá le glacadh ina gceangal ar an Aontas a mhéid a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta le comhaltaí eile de Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg (IOC) agus go bhféadfaidh tionchar cinntitheach a bheith ag na cinntí sin ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon ar chaighdeáin mhargaíochta maidir le hola olóige arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 75 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

---

1 Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1).

2 Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2).

3 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

(5) Baineann na cinntí atá le glacadh ag Comhairle na gComhaltaí le hIarscríbhinn 1 a bhaint ón gcaighdeán trádála agus le simpliú na gcrann cinnteoireachta deilte-7-stiogmaisteanóil, chomh maith le hathbhreithniú 3 a áireamh, arb athbhreithniú é ar an modh maidir le céaracha agus eistir eitile aigéid shailligh a chinneadh. Saineolaithe eolaíocha agus teicniúla maidir le hola olóige, ar saineolaithe iad de chuid an Choimisiúin agus na mBallstát, phléigh siad na cinntí go mion. Leis na cinntí, rannchuideofar le comhchuibhiú idirnáisiúnta na gcaighdeán ola olóige agus leagfar síos creat lena n-áiritheofar iomaíocht chóir i dtrádáil tháirgí earnáil na hola olóige. Dá bhrí sin, ba cheart tacú leis na cinntí.

(6) I gcás ina gcuirfear glacadh na gcinntí ar atráth le linn an 116ú seisiún de Chomhairle na gComhaltaí, mar thoradh ar chuid de na Comhaltaí gan bheith in ann a bhformheas a thabhairt, ba cheart an seasamh a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a ghlacadh thar ceann an Aontais faoi chuimsiú nós imeachta um ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí a d'fhéadfadh a bheith ann trí chomhfhreagras a mhalartú, de bhun Airteagal 10(6) den Chomhaontú ar choinníoll go dtionscnófar an nós imeachta sin roimh an gcéad seisiún rialta eile de Chomhairle na gComhaltaí i mí Mheitheamh 2023.

(7) Mar sin féin, féadfaidh ionadaithe an Aontais i gComhairle Chomhaltaí IOC oiriúnuithe teicniúla ar mhodhanna nó doiciméid eile de chuid IOC a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle má eascraíonn siad as leasuithe a bhaineann leis an athbhreithniú ar an gcaighdeán trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige.

(8) Chun leas an Aontais a chaomhnú, ba cheart cead a bheith ag ionadaithe an Aontais i gComhairle na gComhaltaí a iarraidh glacadh na gcinntí lena modhnaítear caighdeán trádála nó modhanna a chur ar atráth go dtí seisiún níos déanaí de Chomhairle na gComhaltaí, dá mba dhócha go ndéanfadh faisnéis eolaíoch nó theicniúil nua a chuirfí i láthair roimh an 116ú seisiún nó lena linn difear don seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, le linn an 116ú seisiún de Chomhairle na gComhaltaí atá le reáchtáil idir an 28 Samhain agus an 2 Nollaig 2022 nó faoi chuimsiú nós imeachta um ghlacadh cinntí ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a mhalartú, ar nós imeachta é a thionscnófar roimh an gcéad seisiún rialta eile a bheidh aici i mí Mheitheamh 2023.

*Airteagal 2*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gComhairle Chomhaltaí IOC oiriúnuithe teicniúla ar mhodhanna nó doiciméid eile de chuid IOC a chomhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle má eascraíonn siad as leasuithe a bhaineann leis an athbhreithniú ar an gcaighdeán trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige dar teideal 'COI/T.15/NC No. 3/Rev. 19' dá dtagraítear san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

I gcás inar dócha go ndéanfar difear don seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 mar gheall ar fhaisnéis eolaíoch nó theicniúil arna cur i láthair roimh an 116ú seisiún de Chomhairle na

gComhaltaí, nó lena linn, iarrfaidh an tAontas glacadh an chinnidh a chur ar atráth, cinneadh lena ndéanfar an caighdeán trádála is infheidhme maidir le holaí olóige agus olaí prabhaite olóige agus an modh anailíse maidir le céaracha agus eistir eitile aigéid shailligh a mhodhnú, go dtí go leagfar síos seasamh an Aontais ar bhonn na faisnéise nua sin.

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*